C/2024/5940

2.10.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meán Fómhair 2024

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne thar ceann na hÉireann

(C/2024/5940)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne [1], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2022/832 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán mar chomhalta mhalartaigh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Dheirdre NÍ NÉILL a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na hÉireann don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Lisa HUGHES ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Deirdre NÍ NÉILL, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

[2] Cinneadh (AE) 2022/832 ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (IO L 147, 30.5.2022, lch. 42).